Suirgheach sin, a Éire ógh
[O'Conor Don, 219b]
In fer céadna cecinit [Eochaidh Ó hEóghasa)
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Suirgeac sin a Éire ógh
goirid duit día do chláochlodh
a fhérmhúr na ngríanchnoc nglan
ternúdh od chíachbrot cumhadh.

2 A-táoi [a] Éire an fhóid íobhraigh
ad mhnáoi s[h]uirgid[h] shibhionnraidh
go rún nemhtoirseach a-nocht
a chrechloingseach úr édrocht.

3 Do tréigis an riocht roime
do ghabh tú a treabh Láoghaire
a fhionnfholtach bhennd hubh bhog
th'erradh iongantach umad.

4 A-ta fa enbharr úaine
féige corcra clúmhnúaidhe
do chráobhshlat ccnóbhuidhe ccrom
áonbrat órdaidhe ar t'fheronn.

5 Do tsrotha úaine th'áibhne
íslighid a n-urlabhra
a críoch búighneach ghégtrom gheal
a suirgeac edrom th'aignedh.

6 Ni fhacamur ríam reimhe
an tlacht aluinn ainglidhe
an cruth sídh iongantach ort
a mhín (iongantaigh) f[h]ionnacrach édrocht.

7 Ni creidim a críoch Bhanbha [220a]
nach bfúarais fer th'agallma
do ríograidh chaithmhigh cráoi Breg
ar áoi do aithrigh th'aignedh.

8 A bhen Chuinn na ccíach néuldubh
no an air a-táoi ag taigerudh
fher t'fheithim th'éntogha fir
beithir échtfhola hUidhir.

9 Mag Uidir da n-orturr minn
a críoch Banbha a bhen Fhéilim
do a-taoi-si go mbeile an brath
Náoisi eile na nUlltach.

10 Cuige do cuiris oraibh
do chruth áloinn examhail
foghlaidh mhoighe braointigh Bregh
roimhe do faoiltigh t'aignedh.

11 Ón ló tugais is tug ort
suil ar Áodh mac Con Connacht
a inberach na n-es ngeal
bes ní himnedach th'aignedh.

12 Onchú cródha an croidhe mhir
da ngoirter Áodh Mhág Uidhir
a ráith Temhrach a Tráoi Bregh
nemhghuth mur táoi ’na thimceal.
13 Ro-d cuir a ccláochlodh rechta
do sgar réd sgeinm ndráoidhechta
cengal sídh an cráoi Cuinn-si
ro láoi dibh do dhoghailsi.
14 Mur sin do fhóir a heigin
an mnáoi ndúaibhsigh ndroichéidigh
stúaigh glacsháor fa cobhsaidh cruth
macáomh do gasraid Gréugach.
15 Macáomh Gréugach eacht eile
ar ngabháil gradh ridire
fágbhus Grég na ngealport nglan
lé merdhocht lé méd mhenman.
16 La dh’airithe da aithle
tarla don og armghairthi
buinne seng do gríansruth geal
a nglenn diamrach ’ga dhíden.
17 Do-chunnairc níor chúis menma
inghen ndubaigh ndhoidealbha
ar brú an buinne gegaigh gil
feguin uirre dob éidigh.
18 Do bhádur fa bert trúaighe
dera fola forrúaidhe
mun aill bfúair ngegsrothaig ngloin
ré a gruaidh n-égcrothaigh n-úathmhair.
19 Anu[i]s ós ur an tsreabha
do ráidh d’fuighlibh áilghena
“a bhen tarla ’gon túirsi
cedh damna do doghailsi?”
20 “An ró coire nó cionta
nó an cerd dhoilbhthe dhráoidhecht[a]
do-bheir an ghné n-éidigh ort” [220b]
ar sé “nó an feidir t’furtocht?”
21 “Do bhádhus féin eacht eile”
ar sisi “am óigh ingheine
fa maith mo rían fam gáoth grinn
’s gac laoch ag triall fam thúairim.”
22 “Do bhí nir bheg an sompla
tríocha inghen édrochta
rém ais-[s]i dob fotha leóin
go maisi crotha is ccineóil.”
23 “La dh’airidhe aithrech dam
thigim rem thríocha[i]d ríoghbhan
do coimhionnladh ar ccnes slim
go hes n-oirerglan n-áoibhinn.”
24 “Fertur cioth ’na chioth millti

a froithib na firminte
go ro-s tuil an sruth” ar s(h)í
“ro-m cuir san cruth ad-chíthí.”
“Do-rala ar an ttraigh ttonnghloin
m’athair gona fh[e]allsamh[n]uibh
an úair-si” ar an bhithe bhinn
“’s úaisle na críche a ccoitcinn.”
“Na fáidhe foillsighter dhóibh
misi do chora a ccedóir
go port mbruachdhubh sreng sreibhe
a nglenn úathmur dh’airighe.”
“Do-só” ar dráoi dona dráoithibh
“macaomh féta forbfáoi(gh)lidh
gus an sruth ngainmhidhe nglan
go ccruth n-aingl idhi n-iodhan.”
“Ionnailfidh a haghaidh sháoir
benfaidh an mílidh macáoimh
a briocht síabhairthi a sníomh dhi
díol a f[h]íadháighthi an t-áoidhe.”
“A-tú on ló-sin a-le
ag anmhuin sonn” ar sise
“gan mhnáoi am f[h]ochair is gan fhior
fochain mo cháoi ní cheiliobh.”
“Diom tiocfus ma tarla a ndán
tairccfe misi” ar an macámh
“a inghen da dhocracht damh
t’fhurtocht ón imnedh n-ádhbhal.”
Ionnlu[i]s a haghaidh ndorcha
do-rad sé ar sén ccobhortha
a táobh risin ngégsruth nglan
gur sháor a héccruth úathmur.
Fa gile ina géis tuinne
deirgidhter dúal Partluinge
snúadh a haighthe a cruth corcra
on tsruth d’aithle a hionnolta.
Ar bfechain dó ar a dreich naoi
cartur [leg. carais?] an ngenmnaidh nglorthái oi
le a g(h)núis núaighil ndealbhdha náir
do bhúaidhir meanma an macáimh.
Fáoidid a-ráon ré-roile [221a]
do bhí sí go síordhoidhe
feirde an uaisle a rath a-ráon
ón uairsi a-mach ’gon macáomh.
As sí an bhen do bhí dérach
thusa a Bhanbha bráoinfhérach
ionann cruth dhi as dáoibh-si
rí Manchach an macaoim-si.
Na frasa donnrúadh[a] deór
d’fherthain ₇ d’uisce an ai-eór

do fhliuch uma haghaidh í
Danair an cioth ad-chluintí.

37 Do mnáoi Bríain na mbenn corcra
búdh hé a huisce ionnalta
onchú fhíadhuigh na Banbha
donnchrú an fhiallaigh allmurrdha.

38 Mag Uidhir ádhnus folta
do-géna mnáoi macdhachta
co sgéimh ndealbhnáoi nduinn ndathaigh
do senmhnáoi Cuinn Cédchathaigh

39 Os é fhoirf(h)es a héigion
fáoidhfe[idh] Banbha bráoinghéiggheal
blath sí(o)dh na cedchoille ór chin
le rí(o)gh euchtchloinne hUidir.

40 Cosmail d'Éirinn an fheóir thigh
céile mur Áodh Mhág Uidhir
eng chlocharrsaidh na ccraobh tte
's as rochosmail d'Áodh Éire.

41 Éire ₇ airdrigh Berta
ní ffuil enbhann úaislechta
a thoil ní diomoltur dhi
d'iomarcadh air na uirrthi.

42 Beg an t-iongnadh d'inis Fáil
céile dhá úaislecht d'fagháil
críoch [Theamhra] (Bhanbha) fa a ttorchoir Lugh
d'onchoin (Bhanbha nó) Emhna ni hiongnadh.

43 Ni fhúair rí do f[h]reimh Gháoidhil
céim d'umhlucht budh hionmháoidhimh
fa chlár sáor bfionnacrach bFháil
búdh hiongantach d'Áodh d'fagail.

44 Ni fuair Éire an f[h]ochain tigh
céile mur Áodh Mhag Uidhir
námha an fhuinn leighis a luit
ó reimhis Chuinn no Cormaic.

45 Críoch Bhanbha na mbenn núadhonn
foirfidh Áodh a hédualong
bía[i]dh gan tac[h]a neith fa nim
gan creich gan fhatha n-éigin.

46 Cuirfidh a ccruth nár sáoiledh
buime altruim f[h]ionnGháoidheal
tír chédgonach na ccúan tte
búdh cédfodhach úadh Eire.

47 Gan adhnadh fíoch a bfoilches [221b]
gan f[h]airbrigh gan anoirches
a ccrich linnte fherghloin Airt
gan éngoimh innte d'adhaint.

48 Béid na cetra gan chomhdha
ní híadhfaidher énchomhla
um crich n-úir bfhéruigh bFuinidh

gan énoil úir íadhfaidher.

49 Dingeubaidh día do bhennach
imreasuin na n-airdrennach
ós miongort Banbha na mbenn
mur fhíorlocht fhaghla Éirenn.

50 Léigfidh gach áoinfhiodh osnadh
géisfidh an lec Logha-sanr
benfaidh a lábra as gach linn
fán mBanbha n-ethghloin n-áoibhinn.

51 Dergfaid treabhthaigh na tulcha
órfaid grían na gormdhomhcha
a ccrich sgathbhuig fhéil Eacha
glanfuid géill na geimhlecha.

52 Na tartha tugsat roimhe
ré linn Chuinn is Chonoire
do-béruid dhúin fáighdhe is ferr
úir 7 áibhne Éirenn.

53 Maith d'Eirinn is úir n-íatha
gan connradh shiol s[h]áoirFíacha
lucht ronna do ríoghaibh Fáil
d'fhíonfhuil Colla da congmáil.

54 Do geralladh dhóibh día do rath
sliocht Muirethaigh mic Echach
a ccrich ghéiggil bhothaigh Breagh
sochair nach éidir d'airemh.

55 Da bfaghdáois a bfíacha féin
síol échtach Echach Dúibhléin
bheith a mBreghmhuigh na mbenn sen
nírb ferr don ealbaidh fheinnedh.

56 O nach ttiúbhartur mur dhlegurs
seinfheich shlechta Muirethaigh
bas soisníomha do mháor mionn
budh doidhíoghla Áodh d'Éirinn.

57 Ní ghéuba(idh) an coma chéd(h)na
ó úaislibh shíol sáoirShédna
cosg tathaimh thíre na bFhionn
a righe achaidh Éirionn.

58 Suidhfidh a tTemhraigh Tuathail
os Boinn bhoirdghil bhennchúachaigh
do chosg áonto(m)gha f[h]óid Bhregh
áonrogha na ccoig ccóigedh.

59 Doirrseóir dhúinti a doirsedh báis
éinliaigh fhóirith(i)n[i] a húathbháis
breac óireithrech ón Bhoinn bhinn
is dóigh fhóirith(i)neac[h] d'Éirinn.

60 Gus fáolchon go bféirg bfíadhaigh [222a]
ucht aille ré hOirghiallaibh
mír cruadha achaidh na nArt
gúala ré cathoibh Connacht.

61 Lámh imdheghla Fher Manach
muir thécht ré hucht nEóghanach
grúaidh roithe go rún cconfaidh
múr cloiche ré Conall(a)chaibh.

62 A Mhég Uidhir fhóid Ghábra
fúaid[h] imle fhóid fhionnBhanbha
a toil féine ó fuair tusa
Éire d'úaim as urusa. Suirgeac...